


Naíonáin Shinsearacha – 2ú Rang

**The Ark, Temple Bar**

Bookatark.ie | 016707788

Ark_Last_Moth_A2.indd 1
27/11/2025 12:08

**Bileog Ghníomhaíochta The Last Moth**

Tá na gníomhaíochtaí san acmhainn seo nasctha leis na snáitheanna fiosrú agus cruthú, léiriú agus cur i láthair, agus freagairt agus ceangal Shonraíocht Oideachais Ealaíon 2025, ag díriú go háirithe ar choincheapa na drámaíochta (ról agus carachtar, gluaiseacht, áit agus spás) agus na n-amharcealaíona (cruth, líne, foirm).

### 1.Gluaiseoirí Oíche (Téamh Suas)

Samhlaímis gur an oíche atá ann. Cad iad na hainmhithe a thagann amach san oíche? Cad a cheapann tú a fheiceann an Ghealach nuair a fhéachann sí síos ar an Domhan? An bhfaca tú leamhan ag preabadh riamh nuair a bhíonn sé in aice le solas?

Le chéile, bogaimis cosúil le créatúir san oíche agus muid i gciorcal.

- An féidir leat preabadh cosúil le leamhan?
- An féidir leat lúbadh suas cosúil le bolb atá ina chodladh?
- An féidir leat síneadh chomh leathan agus is féidir leat, amhail is dá mbeifeá ag oscailt do sciatháin den chéad uair riamh?



### 2. An tAthrú Mór (Gluaiseacht)

An raibh ort riamh rud éigin nua a thriail a mhothaigh scanrúil? Cad a chabhraigh leat mothú cróga?

Téimis ar thuras trí ghluaiseacht.

**Céim 1: Boilb**
Lúb chomh híseal agus is féidir leat go dtí an talamh, ag déanamh do choirp chomh beag agus is féidir.

**Céim 2: Cocún**
Déan liathróid dhaingean asat féin, ag fanacht socair agus ag análú go ciúin.

**Céim 3: Athrú**
Samhlaigh go bhfuil tú ag fás agus ag síneadh go han-mhall anois, b'fhéidir go bhfuil codanna áirithe de do chorp ag tosú ag croitheadh.

**Céim 4: Leamhan**
Oscail do chuid lámha go mall cosúil le sciatháin, agus tosaigh ag snámh thart amhail is gurb é seo do chéad uair riamh sa spás seo.

***Nóta: Bheadh sé ina bhuntáiste don ghníomhaíocht seo ceol socair, aislingeach a sheinm más féidir chun atmaisféar breise a chruthú.***

### 3. D'Fhéinín den Leamhán (Líníocht)

Samhlaigh gur leamhan thú. Cén dath atá ar do sciatháin? An bhfuil stríocaí nó spotaí orthu, nó b'fhéidir rud éigin eile ar fad? Cá háit ar mhaith leat eitilt i do chuid ama saor?

Cad a fhágann go bhfuil do leamhan uathúil?

Tarraing do leamhan uathúil féin sa spás thíos.

**4. Teach na Leamhan (Líníocht)**

Cá háit ar mhaith le leamhain maireachtáil? Cén sórt rudaí a theastaíonn uathu le maireachtáil? Sa spás thíos, tarraing teach sábháilte do do leamhan. An maith leo crainn, plandaí, nó b'fhéidir bláthanna? An bhfuil leamhain nó ainmhithe eile ann a roinneann siad teach leo?

**5. Solas & Scáth (Cluiche Idirghníomhach)**

Mealltar leamhain chuig an solas. Déanaimis iniúchadh air seo ag baint úsáid as ár gcorp!



Déan iarracht an seomra a dhéanamh chomh dorcha agus is féidir trí na soilse a mhúchadh agus na dallóga a tharraingt más féidir. Ag baint úsáid as tóirse láimhe (nó fiú an ceann ar do ghuthán póca), lonraigh an fhoinse solais i gcoinne balla soladach de réir mar a théann gach duine ag imeacht isteach agus amach as an solas.



Samhlaigh gurb í an Ghealach an fhoinse solais agus gur leamhan thú ag preabadh in aice láimhe. Cén cineál cruthanna a dhéanann do chorp ar an mballa? An féidir leat do chuid lámha a bhogadh ionas go bhfuil cuma sciathánach orthu? Cén chaoi a mothaíonn sé bogadh sa dorchadas?

**6. Cabhrú le Leamhain (Plé)**

Cad a cheapann tú is féidir le daoine a dhéanamh chun cabhrú leis an dúlra? An bhfuil níos mó bláthanna ag teastáil uainn? An bhféadfaimis aire níos fearr a thabhairt dár bpáirceanna agus spásanna glasa áitiúla? Cad a d'fhéadfadh cabhrú lenár gcairde na Leamhain ionas go n-éireoidh leo?

**Críochnaigh an abairt thíos. Is féidir liom cabhrú leis an dúlra trí**

Is féidir liom cabhrú leis an dúlra trí _________________________________________.

**7. Slán leis an nGealach (Gluaiseacht)**

Ag an ndeireadh, luífimid ar an urlár anois cosúil le leamhain atá chun a scíth a ligean. Samhlaigh go bhfuil do sciatháin tuirseach, agus gur an oíche atá ann. Nuair a bhraitheann tú go bhfuil ar do shuaimhneas, athróidh tú go réidh ar ais i do dhuine daonna arís.